



AN CHOMHAIRLE EORPACH

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2014
(OR. en)**

EUCO 79/14

**CO EUR 4
CONCL 2**

NÓTA CUMHDAIGH

ó : Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig : Na Toscaireachtaí

Ábhar : **AN CHOMHAIRLE EORPACH
26/27 Meitheamh 2014**

CONCLÚIDÍ

Gheobaidh na toscaireachtaí i gceangal na conclúidí ón gComhairle Eorpach
(26/27 Meitheamh 2014).

Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach go molfadh sí Jean-Claude Juncker ina iarrthóir do Pharlaimint na hEorpa le bheith mar Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach Sa chomhthéacs sin, tháinig sí ar chomhaontú maidir le clár oibre straitéiseach na dtosaíochtaí lárnacha do na cúig bliana atá amach romhainn. D'iarr sí ar na hinstiúidí AE agus ar na Ballstáit iad sin a chur chun feidhme go hiomlán ina gcuid oibre.

Rinne an Chomhairle Eorpach na treoirlínte straitéiseacha a shainiú don phleanáil reachtach agus oibríochtúil do na blianta amach anseo sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (féach thíos faoi Chaibidil I) agus thug sí aghaidh freisin ar roinnt saincheisteanna cothrománacha. Thug sí Seimeastar Eorpach 2014 chun críche agus d'iarr sí iarrachtaí breise chun cumas na hEorpa a neartú tuilleadh post a fhás agus a chruthú. Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach ar an dul chun cinn atá déanta chun teacht ar chinneadh críochnaitheach i mí na Samhna maidir le creat beartais 2030 don aeráid agus don fhuinneamh agus thacaigh sí le tacar beart práinneach a chur chun feidhme láithreach chun teacht aniar na hEorpa a neartú agus chun a slándáil fuinnimh a fheabhsú. Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú de chuid na Comhairle Eorpaí i mí Dheireadh Fómhair, iarradh ar an gComhairle tuilleadh anailíse a dhéanamh ar bhearta meántéarmacha agus fadtéarmacha eile chun slándáil fuinnimh AE a fheabhsú.

Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur síníodh na Comhaontuithe Comhlachais, lena n-áirítear Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála, idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia agus Poblacht na Moldóive, agus gur síníodh an chuid eile den Chomhaontú Comhlachais agus Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.

I. SAOIRSE, SLÁNDÁIL AGUS CEARTAS

1. Tá sé ar cheann de na cuspóirí is mó atá ag an Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú gan aon teorainneacha inmheánacha, agus cearta bunúsacha á n-urramú. Chun na críche sin, tá gá le bearta soiléire beartais a ghlacadh i ndáil le tearmann, le himirce, le teorainneacha, le comhar póilíneachta agus breithiúnach, i gcomhréir leis na Conarthaí agus a gcuid Prótacal ábhartha.
2. Tá nasc idir gach gné den Eoraip a dhéanann a saoránaigh a chosaint agus a chuireann cearta éifeachtacha ar fáil do dhaoine laistigh den Aontas agus lasmuigh de. Má éiríonn le réimse amháin nó mura n-éiríonn, braitheann sin ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le cúrsaí i réimsí eile agus ar na sineirgí le réimsí beartais a bhaineann leis sin. Is é an freagra atá ar chuid mhaith de na dúshláin maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais an caidreamh le tríú tíortha, rud a éilíonn go bhfeabhsófaí an nasc idir beartais inmheánacha agus sheachtracha AE. Ní mór sin a léiriú sa chomhar idir instiúidí agus comhlachtaí AE.

3. Ag cur leis na cláir a bhí ann go dtí seo, tá sé ina ábhar práinne anois na hionstraimí dlí agus na bearta beartais atá i bhfeidhm faoi láthair a thrasú go comhleanúnach, a chur chun feidhme go héifeachtach agus a chomhdhlúthú. Beidh sé ríthábhachtach comhar oibríochtúil a threisiú agus leas á bhaint as an acmhainn atá ag nuálaíochtaí i dTeicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide ag an am céanna, feabhas a chur ar an ról atá ag gníomhaireachtaí éagsúla AE agus a áirithiú go n-úsáidfear cistí AE ar bhealach straitéiseach.
4. Chun an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fhorbairt tuilleadh sna blianta atá amach romhainn, beidh sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear cosaint sonraí, agus aghaidh á tabhairt ar ábhar inní maidir le slándáil ag an am céanna, agus sa chaidreamh le tríú tíortha freisin, agus chun creat láidir Ginearálta AE maidir le Cosaint Sonraí a ghlacadh faoi 2015.
5. Agus na dúshláin amhail an éagobhsaíocht atá i ndán dó i roinnt mhaith áiteanna timpeall an domhain, mar aon le treochoí déimeagrafacha domhanda, tá gá le beartas éifeachtúil maidir le himirce, tearmann agus teorainneacha san Aontas atá bainistithe go maith faoi réir phrionsabail an chonartha maidir le dlúthpháirtíocht agus comhroinnt na freagrachta, i gcomhréir le hAirteagal 80 CFAE agus is gá freisin é a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach. Tá gá le cur chuige cuimsitheach, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an leas a bhaineann le himirce dhleathach agus chun cosaint a chur ar fáil dóibh siúd atá i mbaol, agus chun dul i ngleic le himirce neamhrialta agus teorainneacha seachtracha AE á mbainistiú go héifeachtúil ag an am céanna.
6. Chun bheith fós ina cheann scríbe tarraingteach don tallann agus do scileanna, ba cheart don Eoraip straitéisí a fhorbairt chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a bhaineann le himirce dleathach trí rialacha soiléire agus éifeachtúla, agus faoi réir idirphlé leis an bpobal gnó agus le comhpháirtithe sóisialta. Ba cheart don Aontas tacú freisin le hiarrachtaí na mBallstát maidir le beartais ghníomhacha i ndáil le lánpháirtíocht, lena gcothófar comhtháthú sóisialta agus dinimiceas eacnamaíoch.

7. Tá ga le beartas láidir Eorpach maidir le tearmann a bheidh bunaithe ar an dlúthpháirtíocht agus ar an bhfreagracht don tiomantas atá ag an Aontas don chosaint idirnáisiúnta. Tá sé ina thosaíocht dhaingean go ndéanfar an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET) a aistriú ina iomláine agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Ba cheart go dtiocfadh caighdeán arda coiteanna agus comhar láidir as sin, lena gcruthófar cothrom na Féinne áit a dtabharfar na ráthaíochtaí céanna agus an chosaint chéanna nós imeachta d'iarrthóirí tearmainn ar fud an Aontais. Ba cheart go mbeadh sé fite fuaite le ról treisithe don Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO), go háirithe chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an acquis a chur chun cinn. Feabhsófar muinín fhrithpháirteach le cleachtais atá ag cóineasú, agus ceadófar leo bogadh ar aghaidh don chéad chéim eile.
8. Tá sé mar chuid bhunriachtanach de bheartas imirce AE aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le sreabha neamhrialta imirce. Maraon leis an imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac, cabhrófar le beatha imirceach a thugann faoi thurais dhíobhálacha a shábháil. Ní féidir teacht ar réiteach inbhuanaithe ach amháin trí chomhar a threisiú le tíortha tionscnaimh agus idirthurais, lena n-áirítear trí chúnadh chun a gcumas maidir le himirce agus bainistiú teorann a neartú. Ba cheart go mbeadh na beartais imirce mar chuid i bhfad níos láidre de bheartais sheachtracha agus forbraíochta an Aontais, lena ndéanfar an prionsabal "dá mhéid a dhéantar, is ea is mó a fhaightear" a chur i bhfeidhm agus lena gcuirfear leis an gCur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta. Ba cheart go ndíreofaí ar an méid a leanas:
- Cláir Réigiúnacha Cosanta a neartú agus a leathnú, go háirithe gar do na réigiúin tionscnaimh, i ndlúthchomhar le UNHCR; go háirithe, i bhfianaise na géarchéime atá ag leanúint ar aghaidh sa tSiria faoi láthair, rannpháirtíocht a mhéadú le hiarrachtaí domhanda maidir le hathlonnú;
 - aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhaoine a smuigleáil agus a gháinneáil, agus aird á tabhairt ar thíortha agus ar bhealaí tosaíochta;
 - beartas coiteann aisdúichithe atá éifeachtach a bhunú agus oibleagáidí um athligean isteach i gcomhaontuithe le tríú tíortha a chur i bhfeidhm;
 - na gníomhaíochtaí a shainnithint Tascfhórsa na Meánmhara a chur chun feidhme ina n-iomláine.

9. Tá gá le bainistiú éifeachtúil ar teorainneacha seachtracha coiteanna AE chun cosaint láidir a áirithiú maidir le limistéar Schengen, lena gceadófar do dhaoine taisteal gan rialuithe ar na teorainneacha inmheánacha, agus an líon daoine atá ag taisteal chuig AE atá ag dul i méid. Ní mór don Aontas leas a bhaint as na huirlisí ar fad atá ar fáil dó chun cabhrú leis an gcúram sin atá ar na Ballstáit. Chun na críche sin:

- Ba cheart bainistiú comhtháite teorann na dteorainneacha seachtracha a nuachóiriú, ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costais de, lena áirithiú go mbeidh teorainneacha á mbainistiú go cliste le córas iontrála agus imeachta mar aon le clár do thaistealaithe cláraithe, agus cabhair á fáil ón nGníomhaireacht nua do chórais Mhórsála TF (EU-LISA);
- Ba cheart do Frontex, atá ina ionstraim don dlúthpháirtíocht Eorpach i réimse an bhainistithe teorann, a chúnadh oibríochtúil a threisiú, go háirithe chun tacú leis na Ballstáit a bhfuil brú ar leith orthu ag na teorainneacha seachtracha, agus an freagra a thugann sé ar athruithe tapa ar shreabha imirce a fheabhsú, agus leas iomlán á bhaint as an gCóras Eorpach nua um Fhaireachas ar Theorainneacha EUROSUR;
- i gcomhthéacs Frontex a fhorbairt go fadtéarmach, ba cheart breathnú an féidir córas Eorpach gardaí teorann a bhunú lena bhfeabhsófar an cumas rialaithe agus faireachais ag ár dteorainneacha seachtracha.

Ag an am céanna, tá gá leis an gcomhbheartas víosa a nuachóiriú lena n-éascófar taisteal dlisteanach agus comhar consalach áitiúil atá treisithe maidir le Schengen agus leibhéal ard slándála a choinneáil mar aon le córas rialachais nua Schengen a chur chun feidhme ag an am céanna.

10. Tá sé bunriachtanach fíor-limistéar slándála a ráthú do shaoránaigh na hEorpa trí chomhar oibríochtúil póilíneachta agus tríd an gcoireacht thromchúiseach, eagraithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine, agus an éillitheacht. Ag an am céanna, tá gá le beartas frithsceimhlitheoireachta AE atá éifeachtach, ina n-oibreoidh na gníomhaithe ábhartha uile go dlúth lena chéile, lena gcruthófar nasc idir na gnéithe inmheánacha agus seachtracha den chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an ról atá ag Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta AE. Ina chomhrac i gcoinne na coireachta agus i gcoinne na sceimhlitheoireachta, ba cheart don Aontas tacú leis na húdaráis náisiúnta trí na hionstraimí uile a bhaineann le comhar breithiúnach agus póilíneachta a úsáid, agus ról comhordúcháin treisithe á ghlacadh ag Europol agus ag Eurojust, lena n-áirítear tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- an straitéis inmheánach slándála a athbhreithniú agus a nuashonrú faoi lár 2015;
- feabhas a chur ar mhalartuithe faisnéise trasteorann, lena n-áirítear taifid choiriúla;
- cur chuige cuimsitheach a fhorbairt tuilleadh maidir le cibearshlándaíl agus cibearchoireacht;
- radacú agus antoisceachas agus gníomhaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na gcomhraiceoirí eachtrannacha, lena n-áirítear trí leas éifeachtach a bhaint as na hionstraimí atá ann cheana d'fholáirimh ar fud AE agus ionstraimí a fhorbairt amhail Córas Taifeadta AE d'Ainmneacha Paisinéirí.

11. Tá sé rithábachtach do AE go mbeidh fíor-limistéar Eorpach ceartais atá ag feidhmiú go rianúil maidir le córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát. Maidir leis seo, ba cheart muinín fhrithpháirteach i gcórais cheartais a chéile a fheabhsú tuilleadh. Le beartas Eorpach ceartais atá fóna, cuirfear le fás eacnamaíoch trí chuidiú le gnólachtaí agus le tomhaltóirí leas a bhaint as timpeallacht iontaofa ghnó laistigh den mhargadh inmheánach. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta leis an méid a leanas a dhéanamh:

- comhleanúnachas agus soiléire reachtaíocht AE a chur chun cinn do shaoránaigh agus do ghnólachtaí;
- rochtain ar cheartas a shimpliú, réitigh éifeachtacha a chur chun cinn mar aon le leas a bhaint as nuálaíochtaí teicneolaíochta, lena n-áirítear r-cheartas a úsáid;

- leanúint de na hiarrachtaí chun cearta daoine atá á gcúisiú agus daoine a bhfuil amhras ann fúthu i nósanna imeachta coiriúla a neartú;
 - féachaint an bhféadfaí cearta daoine a threisiú, go háirithe cearta leanaí, i nósanna imeachta chun forghníomhú breithiúnas a éascú sa dlí teaghlaigh agus in ábhair shibhialta agus thráchtála a bhfuil impleachtaí trasteorainn acu;
 - cosaint íospartach a threisiú;
 - aitheantas frithpháirteach cinntí agus breithiúnas in ábhair shibhialta agus choiriúla a fheabhsú;
 - malartuithe faisnéise idir údaráis na mBallstát a threisiú;
 - iompar calaoiseach a chomhrac mar aon le damáistí do bhuiséad AE, tríd an gcaibidlíocht maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a chur chun cinn, i measc rudaí eile;
 - gníomhaíochtaí trasteorann agus comhar oibríochtúil a éascú;
 - oiliúint a fheabhsú do chleachtóirí;
 - leas a bhaint as an saineolas atá ag gníomhaireachtaí ábhartha AE amhail Eurojust agus an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA).
12. Mar cheann de shaoirsí bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá gá le ceart shaoránaigh AE gluaiseacht gan bhac agus cur fúthu agus obair i mBallstáit eile a chosaint, lena n-áirítear i gcoinne mí-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann nó i gcoinne éileamh calaoiseach.
13. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an obair chuí reachtach agus oibríochtúil bunaithe ar na treoirlínte seo agus déanfaidh athbhreithniú meántéarmach ar an gceist in 2017.

II. FÁS, IOMAÍOCHAS AGUS POIST

A. AN SEIMEASTAR EORPACH

14. Is dea-chomhartha é an téarnamh eacnamaíoch atá le feiceáil le déanaí agus léirítear leis go bhfuil toradh ar na hiarrachtaí comhpháirteacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí AE. Tá an fás ag filleadh agus tá méadú beag san fhostaíocht, cé go bhfuil an ráta dífhostaíochta, agus go háirithe dífhostaíocht i measc na n-óg, in an-chuid áiteanna san Eoraip fós ag leibhéal do-ghlactha gan fasach. Is cúis mhór buartha iad fós an bhochtaineacht agus an t-eisiamh shóisialta.
15. A bhuíochas do na hiarrachtaí atá déanta ag na Ballstáit, tá dul chun cinn déanta ó thaobh míchothromaíochtaí maicreacnamaíoch a cheartú agus tá feabhas á chur ar an airgeadas poiblí i gcónaí. Is mór ag an gComhairle Eorpach é go ndearnadh an nós imeachta maidir le heasnaimh iomarcacha a aisghairm i gcomhair roinnt Ballstát. Ba cheart tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le creat buiséadach AE atá ann cheana an smacht buiséadach a chomhardú leis an ngá atá ann tacú leis an bhfás. De dheasca na n-ardleibhéal dianseasmhach fiachais agus dífhostaíochta, agus fás íseal an OTI ainmniúil, mar aon leis na dúshlán a bhaineann le daonra atá ag dul in aois agus le poist a chruthú, go háirithe don aos óg, ní mór leanúint le comhdhlúthú buiséadach ar bhealach difreáilte lena gothófaí an fás. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar athchóirithe struchtúracha lena gcuirtear leis an bhfás agus lena gcuirtear feabhas ar inbhuanaitheacht bhuiséadach, lena n-áirítear trí mheasúnú iomchuí a dhéanamh ar bhearta buiséadacha agus ar athchóirithe struchtúracha, agus an úsáid is fearr a dhéanamh freisin den tsolúbhtacht ata mar chuid de rialacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú creata rialála AE faoin 14 Nollaig 2014, mar a fhoráiltear i ndlí AE ('An 6-Phaca' agus 'An 2-Phaca').
16. Tá an téarnamh fós leochaileach agus míchothrom agus ní mór leanúint leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh athchóirithe struchtúracha lena gcuirtear feabhas ar an bhfás a chur chun feidhme agus a fheabhsú d'fhonn cumas na hEorpa a neartú chun fás agus tuilleadh post agus poist níos fearr a chruthú. Tá gá le gníomhaíocht bhreise chun an ding chánach a ghearrtar ar shaothar a laghdú, chun margadh an táirge agus margadh na seirbhísí agus riaracháin phoiblí a athchóiriú, chun feabhas a chur ar thimpeallacht ghnó agus ar thimpeallacht an Taighde, na Forbartha agus na Nuálaíochta (TFN) agus chun rochtain ar mhaoiniú a éascú, chun feidhmiú na dtionscal líonra a fheabhsú agus chun na córais oideachais a athchóiriú.

17. I bhfianaise na faisnéise sin, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach go ginearálta na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith agus leis sin cuireadh Seimeastar Eorpach 2014 i gcrích. Tá cur chun feidhme na moltaí sin ríthábhachtach chun fás a luasghéarú. Bunaithe ar phrionsabal na húinéireachta náisiúnta agus ar phrionsabal an idirphlé shóisialta, ba cheart go n-urramódh na Ballstáit na moltaí sna cinntí a thiocfaidh uathu maidir le buiséid, athchóirithe struchtúrtha agus beartais fostaíochta agus sóisialta. Déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún tuilleadh faireacháin ar chur chun feidhme na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith agus déanfaidh siad beart de réir mar is gá.

Oiriúnacht Rialála

18. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh i réimse na hoiriúnachta rialála agus na feidhmíochta ar bhonn na Teachtaireachta ón gCoimisiún. Tá an-chuid dul chun cinn bainte amach ó thaobh chur chun feidhme an chláir REFIT ag an gCoimisiún agus ag institiúidí AE eile agus na Ballstáit; leis sin tháinig laghdú éifeachtach ar an ualach rialála. Measann an Chomhairle Eorpach gur cheart go leanfadh an oiriúnacht rialála de bheith ina tosaíocht in obair na n-institiúidí. Chuige sin, ní mór tiomantas láidir don simpliú rialála agus do laghdú an ualaigh rialála san obair reachtach agus ní mór úsáid níos fearr a dhéanamh den mheasúnú tionchair agus den mheastóireacht ex-post sa timtriall reachtach tríd síos, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta.
19. Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta oiriúnachta rialála ar an leibhéal Eorpach a chomhlánú le tionscnaimh i ndáil leis an oiriúnacht rialála. Ba cheart do na Ballstáit úsáid iomlán a dhéanamh de na forálacha i ndáil le solúbthacht rialála ar mhaithe leis na fiontair bheaga agus mheánmhéide i gcur chun feidhme reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.
20. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún. Iarrtar ar an gCoimisiún, ar institiúidí eile an Aontais agus ar na Ballstáit leanúint de chur chun feidhme an chláir REFIT ar bhealach uailmhianach, agus cosaint na dtomhaltóirí agus na bhfostaithe á cur san áireamh chomh maith le ceisteanna sláinte agus comhshaoil.

B. AN AERÁID AGUS FUINNEAMH

21. Thug an Chomhairle Eorpach dá haire an dul chun cinn a baineadh amach maidir le cinneadh críochnaitheach i mí Dheireadh Fómhair i ndáil le creat 2030 maidir leis an aeráid agus fuinneamh ar aon dul lena cuid Conclúidí ó mhí an Mhárta 2014. Sa chomhthéacs sin, chuir sí in iúl go láidir a thábhachtaí atá sé go bhforbrófar go pras príomheilimintí an chreata, agus tá sí ag tnúth, go háirithe, le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus ar an gcaoi a bhféadfaidh éifeachtúlacht fuinnimh rannchuidiú le creat 2030 maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh, athbhreithniú a bheidh á thíolacadh ag an gCoimisiún faoi mhí Iúil. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá Cruinniú Mullaigh Aeráide na Náisiún Aontaithe a bheidh ar siúl i mí Mheán Fómhair 2014, agus deimhníonn sí go mbeidh sprioc sonrach an Aontais Eorpaigh do 2030 maidir le laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir go hiomlán leis an gcuspóir uailmhianach do 2050 a chomhaontaigh an tAontas.
22. Chuir an Chomhairle Eorpach fáilte roimh Straitéis Slándála Fuinnimh na hEorpa ón gCoimisiún (SSFE) agus bhí céadphlé aici ina thaobh ar an mbonn sin. Tá dlúthnasc idir SSFE agus creat beartais 2030 maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh. Iarrann an Chomhairle Eorpach go méadófar iarrachtaí chun spleáchas ard na hEorpa ar fuinneamh a laghdú agus tacaíonn sí le tacair de na bearta is práinní a chur chun feidhme láithreach chun athléimneacht na hEorpa a neartú agus slándáil fuinnimh na hEorpa a mhéadú sa ghearrthearma, roimh gheimhreadh 2014/2015. Aontaíonn sí leis an méid seo a leanas go háirithe:
- i bhfianaise na measúnuithe ar an mbaol a bhaineann le cur isteach gearrthéarmach ar sholáthar, go n-atreiseofar sásraí éigeandála agus dlúthpháirtíochta atá ann cheana, lena n-áirítear stóráil gáis, bonneagar éigeandála agus sreabha cúltreo, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin go príomha sna Ballstáit is leochailí;
 - chun feabhas a chur ar shlándáil fuinnimh an Aontais, gur cheart féachaint le hinfheistíochtaí ábhartha a dhéanamh i mbonneagar fuinnimh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint ag tríú tíortha leo, agus lánurraim ag an am céanna ar rialacha an Aontais i ndáil leis an margadh inmheánach agus leis an iomaíochta, rialacha ar gá a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach;

- go rachaidh an tAontas Eorpach i ngleic lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta chun an baol go gcuirfí isteach ar sholáthar fuinnimh a laghdú;
- gur cheart an Comhphobal Fuinnimh, atá ag iarraidh acquis fuinnimh AE a shíneadh i dtreo thíortha an mhéadaithe agus tíortha comharsanachta, a atreisiú ionas go n-áiritheofar cur i bhfeidhm an acquis sna tíortha sin.

Agus súil ar aghaidh chuig cruinniú mhí Dheireadh Fómhair den Chomhairle Eorpach, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle anailís a dhéanamh ar bearta eile meántéarmacha agus fadtéarmacha lena bhféadfaí feabhas a chur ar shlándáil fuinnimh an Aontais Eorpaigh, bunaithe ar SSFE an Choimisiúin. Leag an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an éifeachtúlacht fuinnimh, go ndéanfaí forbairt bhreise ar fuinneamh a tháirgeadh laistigh den Aontas, go ndéanfaí an margadh Eorpach fuinnimh a chur chun feidhme agus a chomhtháthú tuilleadh ar bhonn cur chuige réigiúnach, agus méadú á dhéanamh ar an trédhearcacht i margadh an gháis, agus ar chur chun cinn an bhonneagair atá in easnamh faoi láthair, agus go gcuirfí deireadh le haon aonrú a bheadh ann i gcás na mBallstát ó líonraí gáis agus leictreachais na hEorpa faoi 2015. Ar aon dul leis an gcuspóir go dtabharfaí an margadh Eorpach fuinnimh chun críche faoi dheireadh 2014, caithfear an idirnascacht a mhéadú, i measc bealaí eile, trína thuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an sprioc nua idirnascachta atá á mholadh ag an gCoimisiún.

23. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh críochnaitheach maidir leis an gcreat beartais nua don aeráid agus d'fhuinneamh, lena n-áirítear maidir le bearta breise atá dírithe ar shlándáil fuinnimh na hEorpa a mhéadú agus maidir le cuspóirí sonracha idirnáisc 2030, tráth nach déanaí ná Deireadh Fómhair 2014. Déanfar na hiarrachtaí uile a shlógadh chun an spriocdháta comhaontaithe sin a chomhlíonadh.
24. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le tionscnamh fuinnimh G7 sa Róimh freisin, lena ndéantar beartais a chur chun feidhme chun córas fuinnimh níos iomaíche, níos éagsúla agus níos athléimní, inar lú na hastaíochtaí gás ceaptha teasa, a thógáil, trí úsáid teicneolaíochtaí slána agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

III. AN CHÉAD TIMTHRIALL INSTITIÚIDEACH EILE

25. Ghlac an Chomhairle Eorpach an Cinneadh lena moltar Jean-Claude Juncker do Pharlaimint na hEorpa mar Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach. Rachaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí i mbun comhairliúcháin mar gheall ar na ceapacháin eile atá le déanamh.
26. Tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an gclár straitéiseach atá i gceangal leis seo. Iarrann sí ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme go hiomlán ina gcuid oibre. Beidh an clár ina threoir freisin do na hinstitiúidí sa chlárú bliantúil agus ilbhliantúil agus sa phleanáil reachtach freisin; ba cheart dóibh é sin a gcuid oibre a phleanail da reir. Áiritheoidh an Chomhairle Eorpach go ndéanfar faireachan rialta ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí straitéiseacha seo.
27. Chuir UK in iúl roinnt ábhar inní maidir le forbairt AE amach anseo. Beidh gá ann aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin.

Sa chomhthéacs sin, thug an Chomhairle Eorpach dá haire go gceadaítear faoi choincheap an aontais bhuandlúite go mbeidh conairí éagsúla i dtaca le lánpháirtiú ag tíortha éagsúla, lena ligfear dóibh siúd a dteastaíonn uathu lánpháirtiú níos doimhne bogadh ar aghaidh, agus an fonn atá orthu siúd nach dteastaíonn uathu dul níos doimhne á urramú.

Nuair a bheidh an Coimisiún Eorpach nua in áit go héifeachtach, breathnóidh an Chomhairle Eorpach ar an bpróiseas chun Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh a cheapadh don todhchaí, agus na Conarthaí Eorpacha á n-urramú

IV. ÍTIMÍ EILE

28. Thréaslaigh an Chomhairle Eorpach leis an Liotuáin maidir leis an gcóineasú atá bainte amach aici, cóineasú atá bunaithe ar bheartais fhóna eacnamaíocha, bhuiséadacha agus airgeadais, agus ba dhíol sásaimh di gur chomhlíon an Liotuáin na critéir chóineasaithe uile mar a leagtar amach sa Chonradh iad. D'fhormhuinigh sí an moladh ón gCoimisiún go nglacfaidh an Liotuáin an euro an 1 Eanáir 2015.

An Úcráin

29. Ag meabhrú di na Ráitis ó na Ceannairí Stáit nó Rialtais maidir leis an Úcráin an 6 Márta agus an 27 Bealtaine, na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Márta agus na conclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eachtracha maidir leis an Úcráin an 23 Meitheamh, cuireann an Chomhairle Eorpach a cuid tacaíochta in iúl don phlean síochána a d'fhógair an tUachtarán Poroshenko an tseachtain seo caite. Tugann sí dá haire an dearbhú ó Uachtarán na Rúise go dtacaíonn sé i bprionsabal leis an bplean síochána agus an leis an gcinneadh de chuid na Comhairle Cónaidhme an t-údarú a chúlghairm maidir le fórsaí na Rúise a úsáid le haghaidh idirghabháil mhíleata san Úcráin.

30. Is oth leis an gComhairle Eorpach nach bhfuil deireadh iomlán curtha leis an naimhdeas míleata mar gheall ar an sos comhraic, cé go bhfuil an sos comhraic sin á urramú ag údaráis na hÚcráine. Dá bhrí sin, iarrann sí ar na páirtithe uile a ngeallúint dhílis a thabhairt chun an plean síochána a chur chun feidhme agus chun deireadh na ngníomhaíochtaí míleata a chinntiú. Áitíonn sí ar Chónaidhm na Rúise a tionchar ar na grúpaí atá armtha go mídhleathach a imirt go gníomhach agus stop a chur leis an sruth arm agus míleatach trasna na teorann, chun torthaí teagmhasacha a bhaint amach go pras maidir le cúrsaí a shuaimhniú. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis an bhfaireachán atá á dhéanamh ag ESCE ar an bplean síochána a chur chun feidhme mar aon leis an ról atá aici tacú leis an sos comhraic agus rialuithe éifeachtacha teorann a bhunú.

31. Athdheimhníonn an Chomhairle Eorpach a thiomanta atá sí tacú leis an bpróiseas cobhsaithe eacnamaíoch san Úcráin agus is díol sásaimh di an dá eisíocaíocht shuntasacha a rinne an Coimisiún le déanaí, 750 milliún EUR ar an iomlán maidir le Conradh Tacaíochta le haghaidh Chomhdhlúthú an Stáit agus an Cúnamh Macra-Airgeadais. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle Eorpach ag súil le cruinniú ardleibhéil comhordúcháin na ndéontóirí le haghaidh na hÚcráine a thionólfar sa Bhruiséil an 8 Iúil.

32. Tar éis na gconclúidí a a d'eisigh sí i mí an Mhárta agus tar éis an chinnidh gan nasc-ghabháil mhídhleathach na Crimé agus Sevastopol a aithint, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún an beartas agus an cinneadh seo a chur i bhfeidhm maidir le cosc a chur ar earraí a allmhairiú ón gCrimé agus ó Sevastopol nuair nach bhfuil teastas ón Úcráin acu.
33. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil obair ullmhúcháin ar bun ag an gCoimisiún Eorpach, ag SEGS agus ag na Ballstáit i dtaca le bearta spriocdhírthe, mar a d'iarr sí i mí an Mhárta, ionas go bhféadfar tuilleadh a dhéanamh gan mhoill. Creideann an Chomhairle Eorpach, dá réir sin, go mbeidh an méid a leanas gcurtha i gcrích faoin Luan 30 Meitheamh:
- comhaontú maidir le sásra fíoraithe, á fhaire ag ESCE, don sos comhraic agus do rialú éifeachtach na teorann;
 - go mbeidh na trí sheicphointe teorann (Izvarino, Dolzhanskiy, Krasnopartizansk) tugtha ar ais don Úcráin;
 - go mbeidh na gialla ar fad tar éis a scaoilte saor, go háirithe breathnóirí de chuid ESCE;
 - go mbeidh caibidlíocht shubstainteach seolta maidir leis an bplean síochána ó Uachtarán Poroshenko a chur chun feidhme.

Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an staid agus glacfaidh sí aon chinntí a bheadh riachtanach, de réir mar is gá. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go láidir go bhfuil sí tiomanta teacht le chéile arís tráth ar bith chun srianta suntasacha breise a dhéanamh.

34. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach na conclúidí ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir leis an Albáin.
-

CLÁR STRAITÉISEACH DON AONTAS I dTRÁTH SEO AN ATHRAITHE

Le toghcháin Eorpacha mhí Bealtaine 2014 cuireadh tús le timthriall reachtach nua. Tagann tráth na hathnuachana polaitiúla seo díreach nuair atá ár dtíortha ag eascairt ó bhlianta na géarchéime eacnamaíche agus nuair atá díomá an phobail i ndáil leis an bpolaitíocht ag méadú. Tá an t-am ceart go leagfar amach cad is mian linn go ndíreoidh an tAontas air agus cén dóigh a bhfuilimid ag iarraidh go bhfeidhmeoidh sé.

Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach inniu cúig thosaíocht uileghabhálacha lena dtreorófar obair an Aontais Eorpaigh as seo go ceann cúig bliana: geilleagair níos láidre le tuilleadh post; sochaithe a bhfuil acmhainn acu cumas agus cosaint a chur ar fáil; todhchaí fuinnimh agus aeráide atá slán; réimse iontaofa saoirsí bunúsacha; comhghníomhaíocht níos éifeachtaí ar fud an domhain.

Tá sé fíorthábhachtach gníomh a dhéanamh sna réimsí sin, i bhfianaise na ndúshlán tábhachtach atá romhainn mar shochaí. Cé go bhfuil an téarnamh san Eoraip ag luasghéarú, is í an dífhostaíocht an chúis is mó inní dúinn fós - go háirithe i measc daoine óga - agus tá neamhionannais ag méadú i gcónaí. Idir an dá linn, tá an geilleagar domhanda ag athrú go sciobtha. De thairbhe an rása le haghaidh nuálaíochta, scileanna agus margaí, ní mór dúinn réamh-mheas agus oiriúnú a dhéanamh chun bheith rathúil sa ré dhigiteach. Is dúshlán mhóra iad acmhainní nádúrtha tearca, costas an fhuinnimh agus tionchar an athraithe aeráide; tá spleáchas fuinnimh na hEorpa ina chúis leochaileachta. Ar fud an domhain, is ábhair inní an radacú agus an t-antoisceachas. Ní féidir linn talamh slán a dhéanamh den chobhsaíocht geopholaitiúil ag ár dteoireannacha féin. Tá treochnaí déimeagrafacha ina ndúshlán, le sochaithe atá dul in aois ag cur brú breise ar ár gcórais leasa, agus gá ann le freagra coiteanna agus le gníomhaíocht dhíríthe maidir le sreabha neamhrialta imirce.

Sa chomhthéacs sin, is é an chéad chuspóir d'obair an Aontais sna blianta atá romhainn ár sochaithe a chumasú don todhchaí agus muinín a chothú.

Tá tíortha na hEorpa i staid uathúil chun tionchar a a imirt ar an athrú - ina n-aonar nó i gcomhar lena chéile mar Aontas. Is sócmhainn í ár n-éagsúlacht, tagann neart ó chur le chéile. San Aontas seo againne, tá céimeanna éagsúla comhair agus lánpháirtithe. Sna tíortha thar timpeall orainn, cothaítear i gcónaí an daonlathas agus an rathúnas lenár mbeartas méadaithe.

I gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, ní mór don Aontas a ghníomhaíocht a dhíriú ar na réimsí ina bhféadfaidh sí an difear is mó a dhéanamh. Ba cheart dó féinsmacht a léiriú agus a ghníomhaíocht á déanamh aige nuair atá na Ballstáit in ann na spriocanna céanna a bhaint amach ar dhóigh níos fearr. Tá creidiúnacht an Aontais ag brath ar a chumas obair leantach chuí a áirithiú i dtaca leis na cinní agus gealltanais a dhéanann sé. Chuige sin tá gá le hinstiúidí atá láidir agus inchreidte, agus beidh leas le baint freisin as rannpháirteachas níos dlúithe le parlaimintí náisiúnta. Thar aon ní eile, ba cheart díriú ar thorthaí coincreiteacha - sa chúig réimse seo a leanas.

1. Aontas post, fáis agus iomaíochais

Tá ár dtíortha ag téarnamh ón ngéarchéim eacnamaíoch is measa le glúin anuas. Feicimid go bhfuil torthaí ag teacht de thairbhe na n-iarrachtaí agus na n-athchóirithe. Mar sin féin, ní fhillimid ar na gealltanais a rinneadh sna blianta roimhe seo. Tá dúshlán thábhachtacha ann fós: fás mall, infheistíocht phoiblí agus phríobhaideach neamhleor, míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, fiachas poiblí, agus easpa iomaíochais. Tá meas againn don Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. Ní mór dár ngeilleagair go léir leanúint ar aghaidh le hathchóirithe struchtúracha. Is léir go mbaineann an neart coiteann againn le rath na dtíortha go léir. Is é sin an chúis go dteastaíonn céimeanna misniúla ón Aontas chun fás a chothú, infheistíochtaí a mhéadú, tuilleadh post agus poist níos fearr a chruthú agus chun athchóirithe a spreagadh don iomaíochas. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór an leas is fearr a bhaint as an tsolúbthacht atá ionsuite i rialacha an Chomhshocráithe Cobhsaíochta agus Fáis freisin.

Nuair a dhéanfar athbhreithniú ar Straitéis AE 2020 go luath beidh deis mhaith ann í a thabhairt i gcomhréir leis an gclár oibre straitéiseach seo.

Seo a leanas, mar sin, na tosaíochtaí a leagaimid síos don Aontas as seo go ceann cúig bliana amach anseo:

- **acmhainneacht an mhargaidh aonair agus an uile ghné a bhaineann leis a shaothrú go hiomlán:** tríd an margadh aonair táirgí agus seirbhísí a thabhairt chun críche; tríd an margadh aonair digiteach a thabhairt chun críche faoi 2015;
- **timpeallacht fiontraíochta agus cruthú post a chur chun cinn,** go háirithe i dtaca le FBManna: trí rochtain ar mhaoiniú agus ar infheistíocht a éascú; trí rialachán airgeadais níos athléimní a áirithiú; trí fheidhmiú margaí saothair a fheabhsú agus trí chánacha a dhíriú ar réimsí eile seachas ar an lucht saothair; trí ualaí neamhriachtanacha riaracháin agus costais chomhlíonta a laghdú, ar bhealach spriocdhírithé, lena n-urramaítear cosaint tomhaltóirí agus fostaithe chomh maith le hábhair inní maidir le cúrsaí sláinte agus comhshaoil;

- **infheistíocht a dhéanamh inár ngeilleagair agus iad a ullmhú don todhchaí:** trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais infheistíochta thar téarma i réimse an iompair, an fhuinnimh agus an bhonneagair teileachumarsáide, agus in éifeachtúlacht fuinnimh, nuálaíocht, taighde, scileanna, oideachas agus nuálaíocht; trí úsáid iomlán a bhaint as cistí struchtúracha AE; tríd an meascán ceart de mhaoiniú poiblí agus de mhaoiniú príobháideach a shlógadh agus infheistíochtaí fad-téarmacha a éascú; trí ionstraimí airgeadais a fhorbairt agus a úsáid, mar shampla ionstraimí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, go háirithe do thionscadail fhad-téarmacha; tríd an gcreat rialála ceart a sholáthar d'infheistíochtaí fad-téarmacha;
- **tarraingteacht dhomhanda an Aontais a atreisiú** mar ionad táirgiúlachta agus infheistíochta le bunús tionsclaíoch atá láidir agus iomaíoch agus talmhaíochta atá faoi bhláth, agus an chaibidlíocht maidir le comhaontuithe trádála idirnáisiúnta a thabhairt chun críche, de mheon an leasa chómhalartaigh agus fhrithpháirtigh agus na trédhearcachta, lena n-áirítear TTIP, faoi 2015;
- **an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhéanamh ina fhachtóir daingean agus athléimneach don chobhsaíocht agus den fhás:** le rialachas níos láidre sa limistéar euro agus comhordú, cóineasú agus dlúthpháirtíocht níos láidre ó thaobh an bheartais eacnamaíoch de, agus sláine an mhargaidh inmheánaigh á hurramú agus an trédhearcacht agus an oscailteacht i leith tíortha AE atá lasmuigh den limistéar euro á gcaomhnú.

2. Aontas a chumasaíonn agus a chosnaíonn a chuid saoránach uile

Tá leas bainte ag Eorpaigh as na deiseanna a chuirtear ar fáil le geilleagair chomhtháite le teorainneacha oscailte, ach níl na buntáistí inláimhsithe láithreach i gcás gach duine. I gcás a lán daoine, tá eagla orthu roimh an mbochtaineacht agus roimh an eisiaimh sóisialta, nó tá siad thíos leo. Ní mór don Aontas fanacht leis an obair ar a bhfuil lámh dheas aige chun leanúint ar aghaidh chun deiseanna a scaoileadh, ach ní mór é a mheas agus a a bhrath mar fhoinse cosanta. Tá daoine ag súil go ndéanfaidh an Eoraip a leasanna féin a chosaint agus smacht a chur ar bhagairtí, ach a gcéannacht agus a mbraistint chómhuintearais a urramú freisin. Ní mór don Aontas a bheith níos láidre lasmuigh ach comhbhách laistigh.

Dá bhrí sin, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú, atá freagrach as a gcuid córas leasa féin, seo a leanas na tosaíochtaí don Aontas sa réimse seo do na cúig bliana atá amach romhainn:

- **cabhrú chun scileanna a fhorbairt agus tallanna agus deiseanna sa saol a scaoileadh le gach duine:** trí dhlús a chur faoin gcomhrac in éadan dífhostaíochta i measc daoine óga, go háirithe na daoine óga sin nach bhfuil páirteach san oideachas, san fhostaíocht nó san oiliúint; trí na scileanna cearta don gheilleagar nua-aimseartha agus trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn; trí shoghluaisteacht oibríthe a éascú, go háirithe sna réimsí ina bhfuil folúntais leanúnacha nó neamhréireachtaí scileanna; trí cheann de cheithre saoirsí bunúsacha an Aontais a chosaint, ceart shaoránaigh uile AE gluaiseacht, cónaí agus obair go saor i mBallstáit eile, lena n-áirítear saoirse ó mhí-úsáid nó ó éilimh chalaoiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann;
- **an chothroime a áirithiú:** tríd an imghabháil chánach agus an chalaois chánach a chomhrac ionas go ndéanfaidh gach saoránach a chion cothrom a íoc;
- **cabhrú chun a áirithiú go mbeidh a líontáin sábhála curtha ar bun sna sochaithe go léir againn a dhéanfaidh athrú a thionlacan agus éagothroime a aisiompú,** le córais chosanta sóisialta atá éifeachtúil, cothrom agus oiriúnach don saol atá amach romhainn; go deimhin, tá an infheistíocht i gcaipiteal daonna agus san uige shóisialta ríthábhachtach maidir le hionchais do rathúnas fadtéarmach an gheilleagair Eorpaigh.

3. I dtreo Aontais Fuinnimh a bhfuil beartas aeráide réambhbhreathnaitheach aige

Ní mór athmhachnamh a dhéanamh ar an straitéis fuinnimh agus aeráide atá againn i bhfianaise imeachtaí geopholaitiúla, na hiomaíochta idirnáisiúnta fuinnimh agus thionchar an athraithe aeráide. Ní fhéadfaidh an Eoraip a bheith ag brath chomh mór is atá ar allmhairí fuinnimh agus gáis. Chun a áirithiú go mbeidh todhchaí ár bhfuinnimh go hiomlán faoi smacht, táimid ag iarraidh Aontas Fuinnimh a chruthú lena ndíreofar ar fhuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe. Tá éifeachtúlacht fuinnimh fíorthábhachtach, os rud é gurb é an fuinneamh is saoire agus is glaine an fuinneamh sin nach n-ídítear.

I bhfianaise an dúshláin sin, ní mór díriú ar na nithe seo a leanas lenár mbeartais fuinnimh agus aeráide as seo go ceann cúig bliana:

- **fuinneamh inacmhainne** do chuideachtaí agus do shaoránaigh: tríd an éileamh ar fhuinneamh a mhaolú, a bhuíochas sin d'éifeachtúlacht fheabhsaithe fuinnimh; tríd an margadh comhtháite fuinnimh a thabhairt chun críche; trí bhealaí a aimsiú chun go méadófar cumas margála an Aontais; trí thrédhearcacht a mhéadú sa mhargadh fuinnimh; trí thaighde, forbairt agus an bonn tionsclaíoch Eorpach i réimse an fhuinnimh a spreagadh;
- **fuinneamh slán** do gach ceann dár dtíortha: trí dhlús a chur faoi éagsúlú an tsoláthair fuinnimh agus na mbealaí, lena n-áirítear trí leas a bhaint as foinsí fuinnimh atá slán, inbhuanaithe agus in-athnuaite agus as foinsí eile bundúchasacha fuinnimh, chun spleáchas fuinnimh a laghdú, go háirithe maidir le foinse aonair nó ó sholáthraí aonair; tríd an mbonneagar riachtanach a fhorbairt, amhail idirnáisc; tríd an gcreat ceart pleanála a sholáthar do ghníomhaithe príobháideacha agus poiblí chun go bhféadfaidh siad cinntí infheistíochta idir an lárthearma go dtí an fadtéarma a dhéanamh;
- **fuinneamh glas:** trí leanúint den cheannródaíocht sa chomhrac i gcoinne an téimh dhomhanda roimh chruinniú COP 2015 na Náisiún Aontaithe i bPáras agus thairis sin, lena n-áirítear spriocanna uailmhianacha 2030 a leagan síos a bheidh go hiomlán i gcomhréir le cuspóir comhaontaithe AE do 2050.

4. Aontas na saoirse, na slándála agus an cheartais

Bíonn saoránaigh ag súil go léireoidh a rialtais an ceartas, an chosaint agus cothrom na Féinne agus urraim iomlán á tabhairt do chearta bunúsacha agus don smacht reachta. Chuige sin tá gá le gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach, bunaithe ar luachanna bunúsacha. I bhfianaise na saintréithe trasteorann a bhaineann le feiniméin ar nós na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe tá gá le comhar AE níos fearr. Is amhlaidh sin i gcás cúrsaí ceartais freisin, os rud é gur minice anois a dhéanann saoránaigh staidéar, obair agus gnó, go bpósann siad agus go mbíonn clann acu ar fud an Aontais. Dúshlán eile a bheidh ann sna blianta amach romhainn an sreabh imirce a bhainistiú, ar sreabh é atá ag méadú de bharr éagobhsaíochta agus bochtaineachta i mórán áiteanna ar fud na cruinne agus de bharr treochtaí deimeagrafacha - is saincheist í sin lena n-éilítear an dlúthpháirtíocht agus comhroinnt na freagrachta.

Seo a leanas, mar sin, na tosaíochtaí a leagaimid síos don Aontas as seo go ceann cúig bliana amach anseo:

- **bainistiú níos fearr ar gach gné den imirce:** trí aghaidh a thabhairt ar easnamh scileanna sonracha agus trí thallann a mhealladh; tríd an imirce neamhrialta a láimhseáil ar bhealach níos déine, agus trí chomhar níos fearr le tríú tíortha; lena n-áirítear aththeadú isteach, trí chosaint a chur ar fáil do dhaoine atá i ngátar trí bheartas láidir dídine; agus bainistiú níos déine, nua-aimseartha a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha an Aontais;
- **an choireacht agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac:** trí dhul dian ar an gcoireacht eagraithe, amhail gáinneáil ar dhaoine, an smuigléireacht agus an chibearchoireacht; trí dhul i ngleic leis an éilliú; tríd an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus trí chur i gcoinne an radacaithe - agus cearta agus luachanna bunúsacha á n-áirithiú, lena n-áirítear cosaint sonraí pearsanta;
- **comhar breithiúnach i measc ár dtíortha a fheabhsú:** trí naisc a chruthú idir na córais éagsúla agus na traidisiúin éagsúla bhreithiúnais; tríd ár gcomhuirlisí a neartú, lena n-áirítear Eurojust; trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do bhreitheanna, sa chaoi go mbeidh saoránaigh agus comhlachtaí in ann a gcuid cearta a thairbhiú ar bhealach níos éasca ar fud an Aontais.

5. An tAontas mar ghníomhaí láidir ar ardán an domhain

Léiríonn imeachtaí a tharla le déanaí luaineacht na timpeallachta straitéisí agus geopholaitiúla, ag teoireannacha thoir agus theas an Aontais go háirithe. Ní raibh riamh an éagobhsaíocht chéanna le sonrú níos faide i gcéin inár gcomharsanacht. Ag an am céanna, ní raibh an tábhacht chéanna riamh ag baint le teagmháil a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe faoi shaincheisteanna lena mbaineann na leas frithpháirteach nó an leas domhanda. Ní mór don Aontas lámh níos láidre a bheith aige i gcúrsaí domhanda, d'fhonn ár leasanna, ár luachanna agus ár saoránaigh a chosaint.

Seo a leanas mar sin na príomhthosaíochtaí beartais eachtraigh a bheidh an sna blianta seo atá romhainn:

- **ár dtionchar a bharrfheabhsú:** trí chomhleanúnachas idir na Ballstáit agus cuspóirí beartais eachtraigh AE a áirithiú agus trí chomhar agus comhleanúnachas a fheabhsú idir na príomhréimse de ghníomhaíocht sheachtrach AE, amhail trádáil, fuinneamh, ceartas agus gnóthaí baile, beartais forbartha agus eacnamaíocha;
- **feidhmiú mar chomhpháirtí láidir inár gcomharsanacht:** tríd an gcobhsaíocht, an rathúnas agus an daonlathas a chur chun cinn sna tíortha is gaire dár nAontas, ar mhór-roinn na hEorpa, sa Mheánmhuir, san Afraic agus sa Mheán Oirthear;
- **teagmháil a dhéanamh lenár chomhpháirtithe straitéiseacha domhanda, go háirithe ár gcomhpháirtithe trasatlantacha,** maidir le réimse saincheisteanna - an trádáil, na chibearshláidáil, cearta an duine agus cosc coinbhleachtaí san áireamh mar aon leis na neamhiomadú agus bainistiú géarchéime - go déthaobhach agus i bhfóraim iltaobhacha;
- **an comhar slándála agus cosanta a fhorbairt** chun gur féidir linn ár ngealltanais agus ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh ar fud an domhain: tríd an gComhbheartas Slándála agus Cosanta a neartú, i gcomhlántacht iomlán le ECAT; trína áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit na cumais riachtanacha sibhialtacha agus míleata a choimeád agus a fhorbairt, lena n-áirítear trí chomhthiomsú agus comhroinnt acmhainní; agus tionscal Eorpach cosanta níos láidre a bheith ann.

NA DOICIMÉID A D'FHORMHUINIGH AN CHOMHAIRLE EORPACH

- *An tuarascáil ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir leis na Moltaí a bhaineann go Sonrach le Tíortha Faoi Leith don bhliain 2014*
 - *Conclúidí ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir leis an Albáin*
 - *Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh*
 - *Conclúidí ón gComhairle an 19 Bealtaine 2014 i ndáil leis an tuarascáil bhliantúil maidir le Cúnamh Oifigiúil Forbartha AE*
-